


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Gnóthaí Acadúla UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Seirbhísí TF UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | Bainisteoir Líonra |
| **Tréimhse an Phoist:** | Buan |
| **Grád:** | Oifigeach Riaracháin IA |
| **Teaghlach Poist:** | Teicneolaíocht Faisnéise - Leibhéal Gairme 5 |
| **Tagairt Ghrádaithe Poist:** | 2025-10-074 |
| **Bainisteoir Líne:** | Ceann Bonneagair nó a (h)ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 019110 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Julie Breen |

**Achoimre ar an bPost:**

Tá Seirbhísí TF UCD freagrach as raon leathan réiteach agus seirbhísí TF a dhearadh, a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, a bhainistiú agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun tacú le baill foirne, mic léinn agus taighdeoirí ina gcuid oibre don Ollscoil. Cuirtear fáilte roimh iarratais ar phost buan mar Bhainisteoir Líonra laistigh dár nGrúpa Bonneagair.

Oibreoidh an té a cheapfar leis an nGrúpa Bonneagair agus beidh siad freagrach as réiteach líonra ardfheidhmíochta a dhearadh, a fhoinsiú, a bhainistiú, agus a chur i bhfeidhm, chomh maith le bainistíocht a dhéanamh ar ghnéithe oibríochtúla laethúla TF UCD.

Tá ceann de na líonraí achair logánta (LAN) is mó in Éirinn ag UCD agus tá seacht suíomh líonra ar leith aige ar fud Bhaile Átha Cliath, comhdhéanta den chuid is mó de threalamh Cisco le breis agus 1200 lasc agus 2300 ródaire gan sreang, agus tacaíocht á fáil ag Ionad Sonraí um Réitigh Líonra den scoth, amhail Ródairí Croí-Cisco, Rialaitheoirí Gan Sreang, Cothromóirí Ualaigh, Líonraí Príobháideacha Fíorúla (VPNs), Prótacal Idirlín Guthaithe (VoIP) agus córais slándála éagsúla.

Beidh an t-iarrthóir rathúil ag obair i dtimpeallacht oibre an-éagsúil; cuir i gcás, réiteach gan sreang a chumrú agus monatóireacht a dhéanamh ar chórais agus ar bheartais slándála. Chomh maith le hoibríochtaí laethúla a bhainistiú, ar nós monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar bhonneagar an líonra agus ar chórais chosanta, beidh an té a cheapfar ag obair ar réitigh nua líonra do thionscadail éagsúla a sholáthar, chomh maith le raon leathan tionscadal slándála. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an Bainisteoir Líonra in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le baill foirne inmheánacha agus le soláthraithe seachtracha, agus foireann bhainistíochta shinsearach na Seirbhísí TF a choinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna a thagann chun cinn agus caidrimh láidre, chomhoibríocha a thógáil laistigh den Ollscoil. Táimid sa tóir ar dhuine a bhfuil eolas domhain agus taithí phraiticiúil acu ar bhainistíocht timpeallachtaí líonra casta, agus a dhíríonn ar fheabhas a chur ar ár mbonneagar teicniúil agus rioscaí a bhainistiú go héifeachtach.

Freisin, beidh ar an gceapaí teicneolaíochtaí/bogearraí nua a mheas agus seirbhísí nua a fhorbairt/a chur i bhfeidhm laistigh den Ollscoil agus beidh an cumas acu breithiúnas agus réasúnaíocht neamhspleách a úsáid chun réitigh fhéideartha a fhorbairt ar shaincheisteanna teicniúla casta. Tá seirbhís custaiméirí, scileanna anailíseacha, agus scileanna teicniúla ag teastáil don phost seo. Bheadh sé oiriúnach do dhuine a bhfuil spéis mhór aige/aici a ngairm bheatha a thógáil laistigh den Ollscoil.

**Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:**

- Ceannaireacht a dhéanamh ar fhoireann oibríochtúil an líonra i ngach tasc laethúil agus seirbhísí tábhachtacha a sheachadadh de réir leibhéil seirbhíse spriocdhírithe sonraithe.
- Bainistíocht a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de thionscadail theicniúla laistigh de réimse na Líonraí. Seirbhís den scoth agus nasc láidir leanúnach leis an líonra a chinntiú do bhaill foirne agus do mhic léinn UCD.
- Bainistíocht a dhéanamh ar raon mór ródairí Cisco, lasca Catalyst/Nexus, Líonraí Príobháideacha Fíorúla (VPNs) agus Rialaitheoirí LAN Gan Sreang.
- A chinntiú go gcomhlíonann gach tionscadal ionchais inmheánacha agus ionchais an chliaint maidir le cáilíocht, buiséad, amlínte seachadta agus straitéis. Tuarascálacha ó bhéal agus i scríbhinn a sholáthar do gach páirtí leasmhar tionscadail, idir inmheánach agus sheachtrach do Sheirbhísí TF.
- Dlúthchaidrimh oibre a fhorbairt agus a chothabháil le comhghleacaithe sinsearacha agus piaraí ar fud na hollscoile. Beidh an ceapaí ag plé le lucht acadúil agus le baill foirne de réir mar is gá.
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí feabhsúcháin leanúnaigh, réitigh a sholáthar, agus réimsí riosca a aithint go réamhghníomhach, agus réitigh/freagraí iomchuí a fhorbairt. Próisis agus nósanna imeachta sonracha a fheabhsú agus réitigh agus tionscadail theicniúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun éifeachtúlacht theicniúil a uasmhéadú.
- Próisis agus nósanna imeachta Slándála TF cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm de réir mar is gá.
- Caidrimh le geallsealbhóirí a fhorbairt agus a chothabháil ag leibhéil shinsearacha ar fud na hollscoile.
- A chinntiú go n-úsáidtear an teicneolaíocht chun an éifeachtúlacht is mó a bhaint amach agus chun freastal go hiomlán ar riachtanais dhoiciméadaithe na hollscoile.
- Bainistíocht ghníomhach a dhéanamh ar fhorbairt agus seachadadh seirbhísí ar bhealach a uasmhéadaíonn luach ar airgead agus sástacht chustaiméirí i leith na seirbhísí a sheachadtar.
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar theicneolaíocht nua agus ar dhul chun cinn eile maidir leis an líonra lena chinntiú gur féidir le Seirbhísí TF an straitéis is fearr gur féidir a fhorbairt do UCD agus an tacaíocht is fearr a thabhairt di.
- Baill foirne eile a chóitseáil, meantóireacht a dhéanamh orthu, agus eolas a roinnt leo go réamhghníomhach de réir mar is cuí.
- Oibrigh go dlúth le conraitheoirí, soláthraithe agus soláthraithe seirbhíse chun réitigh chostéifeachtacha a sholáthar. Bainistíocht a dhéanamh ar chonraitheoirí líonra ar champas.
- Próisis agus na torthaí forbartha a doiciméadú agus a scaipeadh.
- Saineolas i réimse speisialaithe a chur ar fáil don bhainistíocht shinsearach laistigh den aonad agus den ollscoil de réir mar is gá.

Caithfear tabhairt faoi deara nach liosta iomlán é an liosta thuasluaite agus gur féidir dualgais agus freagrachtaí eile a leagan ar an sealbhóir poist ó am go chéile.

**Scála Tuarastail: €71,317 - €83,337**

Déanfar an ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.
Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis faoi phinsean ar fáil ag:
https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, iad siúd a shainaithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san áireamh. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**
Tá Creat Cnuasach Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Poist na Teicneolaíochta Faisnéise agus tagann sé le Leibhéal Gairme 5. Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach sa Chreat Cnuasach Poist ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- Taithí ghairmiúil 5-6 bliana ag obair i ról a bhaineann le TF in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus cáilíocht tríú leibhéal a bhaineann le TF.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

- **Gréasánú agus Slándáil TF** - Údarás/ eolas láidir teicniúil ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: Líonrú, TCPIP, DNS, DHCP, Aimsiú Ionraidh, Slándáil Chríochphointe, Feasacht Slándála, Beartas Slándála, Iniúchadh Slándála/Measúnú Riosca, agus Freagairt ar Theagmhais Slándála.
- **Bonneagar & Scamall -** Údarás/ eolas láidir teicniúil ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:Unix OS, Windows OS, bainistíocht ar fhreastalaí fíorúil, LDAP, AD, AWS, Azure, HPC, Gsuite, Ardán Scamaill Google agus Office 365
- **Bainistíocht Sonraí agus Éirim Ghnó / Anailísíocht -** Eolas ar na dea-chleachtais maidir le bainistíocht sonraí, cleachtais rialachais sonraí agus saincheisteanna teicneolaíochta a bhaineann le bainistíocht faisnéise fiontraíochta agus taighde acadúil, lena n-áirítear sonraí gnó, eolaíochta, cultúrtha agus GIS.
- **Ailtireacht Fiontraíochta:** Eolas ar straitéis ghnó, próisis, sonraí, feidhmchláir agus bonneagar TF bunúsach ag baint úsáide as samhlacha agus tacaíochtaí ailtireachta. Ag mapáil conas a thacóidh TF le riachtanais UCD ar bhealach éifeachtach, inbhuanaithe, solúbtha agus inoiriúnaithe. Eolas ar theicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus conas is féidir iad a chur i bhfeidhm ar ailtireacht atá ann cheana féin chun freastal ar riachtanais amach anseo.

**Príomhinniúlachtaí**

- **<u>Cumarsáid Éifeachtach</u>:** An cumas dul i mbun cumarsáide scríofa agus labhartha atá soiléir, gan athbhrí, trédhearcach, agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, chun faisnéis agus smaointe a chur in iúl agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus tuairimí éagsúla a mheas.
- **<u>Pleanáil agus Eagrú</u>:** An cumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a scaradh agus a chur le chéile chun aschur a sheachadadh de réir tréimhse ama shoiléir chun cuspóirí Scoile/Aonaid/Coláiste/Ollscoile a bhaint amach
- **<u>Feasacht Eagraíochta</u>:** An cumas tuiscint láidir a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin, eolas suntasach ar an Tírdhreach Ardoideachais ina bhfeidhmíonn UC
- **<u>Athrú a Bhainistiú</u>:** An cumas cur chuige dearfach a ghlacadh maidir le dul i ngleic leis an obair agus le hathruithe a thagann chun cinn a ghlacadh agus fáilte a chur roimh aiseolas maidir le feidhmíocht agus déileáil leis ar bhealach cuiditheach.
- **<u>Caidrimh a Chothú</u>:** An cumas caidrimh oibre éifeachtacha a chothú laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne le comhoibriú agus comhar a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.
- **<u>Bainistíocht Tionscadail</u>** Cumas a chinntiú go sainítear spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir go soiléir ag an tús, róil agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna inghnóthaithe, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina aghaidh.
- **<u>Daoine a Bainistiú:</u>** An cumas an obair cheart a ailíniú leis na daoine cearta, tascanna a tharmligean de réir láidreachtaí agus leasanna daoine agus a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hacmhainní réasúnta ag daoine chun rudaí a chur i gcrích.

- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú:** Cumas an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a thuiscint, riachtanais na bpáirtithe leasmhara a fhreagairt, ionchais a bhainistiú agus caidrimh oibre láidre le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a fhorbairt agus a chothú..

**Critéir riachtanach mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe UCD**

- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta a léiriú

Inmhianaithe:

- Eolas ar struchtúir UCD; roinnt eolais ar bheartais agus nósanna imeachta UCD i ndáil le mic léinn.
- Tuiscint den scoth ar shaincheisteanna cultúrtha i gcomhthéacs ollscoile agus cumas déileáil le daoine ar gach leibhéal i dtimpeallacht den sórt sin.
- Scileanna bainistíochta díoltóirí nó a chomhionann

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030:<br>Teorainneacha a Shárú | https://strategy.ucd.ie/ |
| Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid: | https://www.ucd.ie/itservices/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |